Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0257

Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus Maracó: aontachas na Cróite don Aontas (Prótacal)

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Iúil 2026 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, Prótacail lena leasaítear an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite don Aontas Eorpach a chur san áireamh (16837/2025 – C10-0031/2026 – 2023/0142(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don Dréachtchinneadh ón gComhairle (16837/2025),

– ag féachaint don dréacht-Phrótacal lena leasaítear an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite don Aontas Eorpach a chur san áireamh (08938/2023),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 100(2) agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0031/2026),

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A10-0177/2026),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an Phrótacail;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí

na mBallstát agus chuig rialtas agus parlaimint Ríocht Mharacó.